



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
SZPUNAR
arna tabhairt an 4 Deireadh Fómhair 2024¹

Cásanna Uamtha C-244/23 P go C-246/23 P

An Coimisiún Eorpach

v

Carpatair SA (C-244/23 P)

agus

Wizz Air Hungary Légitársaság Zrt. (Wizz Air Hungary Zrt.) (C-245/23 P)
Societatea Națională 'Aeroportul Internațional Timișoara – Traian Vuia' SA (AITTV)
(C-246/23 P)

v

Carpatair SA,

An Coimisiún Eorpach (C-245/23 P agus C-246/23 P)

(Achomharc – Státchabhair – Earnáil aerthráchta – Bearta arna gcur chun feidhme ag an Rómáin i bhfabhar Aerfort Timișoara – Bearta arna gcur chun feidhme ag Aerfort Timișoara i bhfabhar Wizz Air agus aerlínte a úsáideann Wizz Air – Cinneadh lena chinntear i bpáirt nach ann do státchabhair i bhfabhar Aerfort Timișoara agus do na haerlínte a úsáideann sé – Buntáiste – Critéar an oibreora phríobháidigh)

I. Réamhrá

1. Trína n-achomhairc faoi seach sna cásanna seo, féachann an Coimisiún Eorpach (Cás C-244/23 P), Wizz Air Hungary Légitársaság Zrt. (Wizz Air Hungary Zrt.) ('Wizz Air') (Cás C-245/23 P) agus Societatea Națională 'Aeroportul Internațional Timișoara – Traian Vuia' SA (AITTV) ('AITTV') (Cás C-246/23 P) le breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 8 Feabhra 2023, *Carpatair v an Coimisiún* (T-522/20, 'an breithiúnas faoi achomharc', EU:T:2023:51), lenar chuir an Chúirt Ghinearálta Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2021/1428² ('an cinneadh atá faoi chonspóid') ar neamhní a mhéid a chinn sí nach Státchabhair iad na muirir aerfoirt i bhFoilseachán Faisnéise Aerloingseoireachta 2010 agus na comhaontuithe a tugadh i gcrích idir AITTV agus Wizz Air le linn 2008 (lena n-áirítear Comhaontuithe Leasaithe 2010³).

¹ Bunteanga: an Fhraincis.

² Cinneadh ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2020 maidir le Státchabhair SA.31662 – C/2011 (ex NN/2011) arna chur chun feidhme ag an Rómáin le haghaidh Aerfort Idirnáisiúnta Timișoara – Wizz Air (JO 2021 L 308, lch. 1).

³ Féach mír 6 den Tuairim seo.

2. Mar thaca lena n-achomhairc, maíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí ina léiriú ar Airteagal 107(1) CFAE, ag féachaint, go háirithe, do phrionsabal oibreora sa gheilleagar margaidh agus d'fhianaise a ghlacadh.

3. Tugann na cásanna seo deis don Chúirt Bhreithiúnais soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha lena rialaítear cruthúnas go gcomhlíontar an prionsabal sin le beart de chuid Ballstáit.

II. Cúlra na díospóide agus an cinneadh atá faoi chonspóid

4. Is féidir achoimre a dhéanamh ar chúlra na díospóide, mar atá leagtha amach ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 2 go 16 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, mar seo a leanas.

5. Oibríonn AITTV, cuideachta comhstoic ina bhfuil 80% den chaipiteal ag Stát na Rómáine, Aerfort Idirnáisiúnta Timișoara (an Rómáin) ('aerfort Timișoara').

6. Le linn 2008, mar chuid de straitéis chun aerlínte ísealchostais a mhealladh agus brabúsacht fhoriomlán an aerfoirt a mhéadú, shínigh AITTV comhaontuithe le Wizz Air, aerlíne ísealchostais san Ungáir, inar leagadh amach na prionsabail dá gcomhar agus na coinníollacha ginearálta maidir le húsáid bonneagair agus seirbhísí aerfoirt ag Wizz Air ('Comhaontuithe 2008'). Leasaíodh dhá cheann de na comhaontuithe sin an 25 Meitheamh 2010 trí bhíthin scéim nua a chomhaontaigh Wizz Air le AITTV, lenar cumhdaíodh an tréimhse go dtí an 6 Feabhra 2011 ('Comhaontuithe Leasaithe 2010'). Thosaigh Wizz Air ag eitilt ó aerfort Timișoara i mí Dheireadh Fómhair 2008.

7. An 30 Meán Fómhair 2010, thaisc Carpatair, aerlíne réigiúnach de chuid na Rómáine, gearán leis an gCoimisiún maidir le Státchabhair neamhdhleathach líomhnaithe i bhfabhar Wizz Air.

8. An 24 Bealtaine 2011, chuir an Coimisiún an Rómáin ar an eolas faoina chinneadh tús a chur leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil dá bhforáiltear in Airteagal 108(2) CFAE maidir le, *inter alia*, lascainí agus lacáistí ar mhuirir aerfoirt arna ndeonú i gcomhréir le Foilseacháin Faisnéise Aerloingseoireachta ('AIPanna') 2007, 2008 agus 2010 agus Comhaontuithe 2008.

9. Ón mbliain 2014 amach, chuir Carpatair deireadh le hoibríochtaí ag aerfort Timișoara agus rinneadh atheagrú breithiúnach air. Tá a phríomh-bhunáit oibríochtaí anois ag aerfort Arad (an Rómáin), as a dtugann sé cairteitiltí. Ní thairgeann sé eitiltí sceidealta a thuilleadh.

10. An 24 Feabhra 2020, ghlac an Coimisiún leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

11. A mhéid a bhaineann leis na muirir aerfoirt in AIPanna 2007, 2008 agus 2010, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh an bonnráta, na lacáistí agus na lascainí ar na muirir sin roghnaitheach agus, dá bhrí sin, nach Státchabhair a bhí iontu de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

12. A mhéid a bhaineann le Comhaontuithe 2008 agus Comhaontuithe Leasaithe 2010 (le chéile, 'Comhaontuithe 2008 agus 2010'), thug an Coimisiún dá aire, agus na measúnuithe eacnamaíocha á gcur san áireamh, go mbeadh brabúsacht imeallach le haghaidh AITTV ann. Dá bhrí sin, chinn sé go ndéanadh oibreoir príobháideach stuama i ngeilleagar margaidh comhaontuithe den sórt sin. Ina theannta sin, bhí na comhaontuithe sin mar chuid de straitéis fhoriomlán agus d'iarracht fhadtéarmach brabúsacht fhoriomlán aerfort Timișoara a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tháinig an

Coimisiún ar an gconclúid nár thug na comhaontuithe sin buntáiste eacnamaíoch do Wizz Air nach mbeadh faighte ag Wizz Air faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, agus mar thoradh air sin nár Státchabhair iad de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

III. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc

13. Le hiarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 11 Lúnasa 2020, thionscain Carpatair caingean chun an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

14. Leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc, chuir an Chúirt Ghinearálta Airteagal 2 den chinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní lenar chinn an Coimisiún nach Státchabhair iad na muirir aerfoirt in AIPanna 2007, 2008 agus 2010 ná Comhaontuithe 2008 agus 2010 de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

15. Go háirithe, chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearna an Coimisiún earráid dlí, ar thaobh amháin, trí mhainneachtain scrúdú a dhéanamh an raibh an laghdú ar mhuirir aerfoirt dá bhforáiltear i bpointe 7.3 de AIP 2010, arna ghlacadh ina n-aonar, de chineál roghnaitheach agus, ar an taobh eile, nach raibh a chonclúid bunaithe go dleathach aige nár thug Comhaontuithe 2008 agus 2010 buntáiste eacnamaíoch do Wizz Air nach bhfaigheadh an chuideachta sin faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh.

IV. Na foirmeacha ordaithe atá á lorg ag na páirtithe agus na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

16. I gCás C-244/23 P, trína achomharc, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní, a mhéid a sheastar leis an dara saincheist dlí de Carpatair;
- diúltú don dara saincheist dlí sin, agus
- a ordú do Carpatair costais an dá imeachta a íoc.

Iarrann Carpatair ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an t-achomharc a dhíbhe, agus
- a ordú don Choimisiún costais an dá imeacht a íoc.

17. I gCás C-245/23 P, iarrann Wizz Air ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;
- an chaingean a thionscain Carpatair ag an gcéad chéim a dhíbhe, agus
- a ordú do Carpatair costais an dá imeachta a íoc.

Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní, agus
- a ordú do Carpatair na costais a íoc.

Iarrann Carpatair ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an t-achomharc a dhíbhe, agus
- a ordú do Wizz Air costais an dá imeachta a íoc.

18. I gCás C-246/23 P, iarrann Wizz Air ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní,
- an chaingean ag an gcéad chéim a thionscain Carpatair a dhíbhe nó an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, agus
- a ordú do Carpatair costais an dá imeachta a íoc nó ceist na gcostas a fhorchoimeád.

Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní,
- a ordú do Carpatair na costais a íoc.

Iarrann Carpatair ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an t-achomharc a dhíbhe, agus
- a ordú do AITTV costais an dá imeachta a íoc.

V. Anailís

19. I gcomhréir leis an iarraidh ón gCúirt, beidh an Tuairim seo teoranta d'anailís a dhéanamh ar na gearáin a rinneadh i gcomhthéacs fhoras achomhairc aonair an Choimisiúin i gCás C-244/23 P, an ceathrú foras achomhairc de chuid Wizz Air i gCás C-245/23 P agus an tríú agus an ceathrú foras achomhairc de chuid AITTV i gCás C-246/23 P, maidir le hearráidí dlí a líomhnaítear a rinne an Chúirt Ghinearálta i léiriú Airteagal 107(1) CFAE agus an coincheap 'buntáiste', de réir bhrí na forála sin, maidir le Comhaontuithe 2008 agus 2010.

20. Baineann na gearáin sin go léir leis an gcruthúnas go gcomhlíontar le beart arna dheonú do ghnóthas trí acmhainní Stáit prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh, chun a chinneadh an féidir leis an mbeart sin buntáiste a thabhairt, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, don ghnóthas a thairbhíonn de. Go háirithe, tagann an cheist chun cinn an féidir leis an gCoimisiún, agus an prionsabal sin á chur i bhfeidhm aige, brath ar anailísí eacnamaíocha a rinneadh *tar éis*

ghlacadh an bhirt atá i gceist agus a bhrabúsacht a léiriú, ach bunaithe go heisiach ar fhaisnéis a bhí ar fáil *tráth* a ghlactha, agus a mhéid nach ndearnadh aon anailís chomhchosúil sular glacadh an beart sin.

21. Sna himthosca sin, feictear dom gur fiú meabhrúcháin áirithe de chineál ginearálta a dhéanamh maidir le prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh agus na modhanna cruthúnais gur comhlíonadh an phrionsabal sin. Tabharfaidh mé aghaidh ansin ar an gceist maidir le tosca a chur san áireamh tar éis idirghabháil Stáit chun a léiriú go bhfuil idirghabháil den sórt sin i gcomhréir leis an bprionsabal sin, sula scrúdóidh mé na forais achomhairc a d'ardaigh an Coimisiún, Wizz Air agus AITTV.

A. Prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh

22. Is uirlis é prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh⁴ le cinneadh cé acu ar féidir le beart Stáit a bheith ina bhuntáiste, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, agus, ina Státchabhair, a mhéid a chomhlíontar na coinníollacha eile den choincheap 'cabhair'.

23. Is cásdlí socair é nach féidir leis an gcoincheap 'cabhair', de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, beart arna dheonú do ghnóthas trí acmhainní Stáit a chumhdach i gcás ina bhféadfadh an ghnóthas sin an buntáiste céanna a fháil in imthosca a chomhfhreagraíonn do ghnáthdhálaí an mhargaidh, ós rud é go ndéantar an measúnú ar na coinníollacha faoinar deonaíodh buntáiste den sórt sin, i bprionsabal, le prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh a chur i bhfeidhm.⁵

24. Ina theannta sin, is léir ón gcásdlí go bhfuil prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh ar cheann de na tosca nach mór don Choimisiún a chur san áireamh d'fhonn a shuíomh gurb ann do chabhair agus, dá bhrí sin, ní eisceacht é nach bhfuil feidhm aige ach amháin arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcás ina suitear gurb ann do na comheilimintí den choincheap 'Státchabhair' in Airteagal 107(1) CFAE.⁶

25. I bhfocail eile, chun buntáiste a chinneadh, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ceanglaítear ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an mbeart atá i gceist i bhfianaise phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh.

26. Déantar an scrúdú sin in dhá chéim. Is gá a fhíorú, ar an gcéad dul síos, *go bhfuil feidhm ag prionsabal oibreora sa gheilleagar margaidh* agus ansin a chinneadh, ar an dara dul síos, go gcomhlíontar na coinníollacha chun é *a chur i bhfeidhm*.

1. Infheidhmeacht phrionsabal an oibreora an gheilleagair margaidh

27. A mhéid a bhaineann le hinfheidhmeacht phrionsabal an oibreora an gheilleagair margaidh, de réir an chásdlí, braitheann sé ar deireadh thiar ar bhuntáiste eacnamaíoch a bheith deonaithe ag an mBallstát lena mbaineann do ghnóthas ina cháil mar oibreoir, seachas ina cháil mar údarás

⁴ Tugaim faoi deara ina leith sin, ag brath ar na cásanna, go ndéantar tagairt, *inter alia*, don phrionsabal 'oibreoir príobháideach', 'infheisteoir príobháideach' nó 'creidiúnaí príobháideach'. Mar sin féin, feictear dom go bhfuil úsáid na dtéarmaí sin ag brath ar chineál an bhirt atá beartaithe agus nach bhfuil iontu ach leaganacha malartacha den phrionsabal céanna. Dá bhrí sin, tagróidh mé, sa Tuairim seo, do 'phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh', nath lena gcumhdaítear na coinceapa éagsúla sin.

⁵ Breithiúnas an 10 Nollaig 2020, *Comune di Milano v an Coimisiún* (C-160/19 P, EU:C:2020:1012, mír 103).

⁶ Breithiúnas an 6 Márta 2018, *An Coimisiún v FIH Holding agus FIH Erhvervsbank* (C-579/16 P, EU:C:2018:159, mír 46).

poiblí.⁷ Is é sin le rá, is é an cumas ina ngníomhaíonn an Ballstát a chinneann infheidhmeacht an phrionsabail sin, agus é á shoiléiriú gur ceist lena chinneadh ar ghlac an Ballstát lena mbaineann, sular deonaíodh an buntáiste eacnamaíoch nó an tráth céanna a deonaíodh é, an cinneadh infheistíocht a dhéanamh leis an mbeart a cuireadh chun feidhme go hiarbhír.⁸

28. I ndáil leis sin, leagtar amach i gcásdlí na Cúirte roinnt tosca is féidir a chur san áireamh chun a shuí go ngníomhaíonn an Ballstát, agus beart Stáit á chur chun feidhme aige, ina cháil mar oibreoir. Dá bhrí sin, luaitear cineál agus cuspóir an bhirt sin, a chomhthéacs, an cuspóir atá á shaothrú agus na rialacha a bhfuil sé faoina réir.⁹ Chuir an Chúirt in iúl freisin go bhféadfadh fianaise a bheith ag teastáil, *inter alia*, lena léirítear go bhfuil an cinneadh infheistíocht a dhéanamh bunaithe ar mheasúnuithe eacnamaíocha atá inchomparáide leo siúd, in imthosca an cháis seo, a bheadh oibreoir príobháideach réasúnach i gcás chomh gar agus is féidir do chás an Bhallstáit dá dtarraingeofaí suas é, sula gcuirfí an beart sin i gcrích, chun a bhrabúsacht amach anseo a chinneadh.¹⁰

29. Os a choinne sin, chuir an Chúirt as an áireamh an fhéidearthacht gur leor measúnuithe eacnamaíocha arna dtarraingt suas tar éis an buntáiste a thabhairt, an toradh cúlghabhálach ar bhrabúsacht an bhirt a chuir an Ballstát lena mbaineann chun feidhme nó réasúnuithe ina dhiaidh sin maidir le roghnú an nós imeachta a roghnaíodh go hiarbhír chun a shuí gur ghlac an Ballstát cinneadh den sórt sin ina cháil mar oibreoir.¹¹

30. Tugaim faoi deara i go leor cásanna,¹² agus mar atá sa chás seo, nach bhfuil infheidhmeacht phrionsabail an oibreora sa gheilleagar margaidh faoi dhíospóid áfach. A mhalairt ar fad, glactar leis go ginearálta, ós rud é gur léir go dtagann an beart faoi stádas an Bhallstáit mar oibreoir. Dá bhrí sin, ní dhéanann an Coimisiún scrúdú sainráite córasach air. Mar a chuir an Chúirt in iúl, is i gcás ina bhfuil amhras ann maidir le hinfeidhmeacht phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh gur faoin mBallstát atá sé a shuí go haonchiallach agus ar bhonn fianaise oibiachtúil infhíoraíthe gur chuir sé an beart chun feidhme agus é ag feidhmiú ina oibreoir.¹³

31. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh scrúdú an Choimisiúin ar chomhlíonadh phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh díriú, i mórán cásanna, ar an anailís ar na coinníollacha chun an prionsabal sin a chur i bhfeidhm.

2. Cur i bhfeidhm phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh

32. Maidir le cur i bhfeidhm beacht phrionsabal an oibreora sa gheilleagair margaidh, ba mhaith liom a chur in iúl go bhféachann sé lena chinneadh an bhféadfadh an buntáiste eacnamaíoch a dheonaítear, cibé foirm, trí acmhainní Stáit do ghnóthas, de bharr a éifeachtaí, iomaíocht a shaobhadh nó bagairt a dhéanamh ar iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.¹⁴

⁷ Breithiúnas an 5 Meitheamh 2012, *an Coimisiún v EDF* (C-124/10 P, EU:C:2012:318, mír 81).

⁸ Breithiúnas an 5 Meitheamh 2012, *an Coimisiún v EDF* (C-124/10 P, EU:C:2012:318, mír 83).

⁹ Breithiúnas an 5 Meitheamh 2012, *an Coimisiún v EDF* (C-124/10 P, EU:C:2012:318, mír 86).

¹⁰ Breithiúnas an 5 Meitheamh 2012, *an Coimisiún v EDF* (C-124/10 P, EU:C:2012:318, mír 84).

¹¹ Breithiúnas an 5 Meitheamh 2012, *an Coimisiún v EDF* (C-124/10 P, EU:C:2012:318, mír 85).

¹² Féach freisin breithiúnas an 10 Nollaig 2020, *Comune di Milano v an Coimisiún* (C-160/19 P, EU:C:2020:1012, mír 108).

¹³ Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Larko v an Coimisiún* (Cás C-244/18 P, EU:C:2020:238, mír 63).

¹⁴ Breithiúnas an 10 Nollaig 2020, *Comune di Milano v an Coimisiún* (C-160/19 P, EU:C:2020:1012, mír 105).

33. Tugann cur i bhfeidhm an phrionsabail sin le tuiscint, de réir an chásdlí, nach é atá i gceist an ngníomhódh oibreoir príobháideach ar an mbealach céanna leis an oibreoir poiblí, ach an mbeadh méid curtha ar fáil aige, faoi choinníollacha comhchosúla, atá comhionann leis an méid a chuir an t-oibreoir poiblí ar fáil.¹⁵

34. Is faoin gCoimisiún atá sé anailís den sórt sin a dhéanamh. Mar a luaigh mé cheana, tá prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh ar cheann de na tosca nach mór don Choimisiún a chur san áireamh chun a shuí gurb ann do chabhair. Chuir an Chúirt in iúl gur faoin gCoimisiún atá sé, dá bhrí sin, a chruthú, agus an fhaisnéis arna soláthar ag an mBallstát lena mbaineann á cur san áireamh, go háirithe, nach bhfuil na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an oibreora phríobháidigh comhlíonta, agus mar thoradh air sin go bhfuil buntáiste ag baint leis an idirghabháil Stáit atá i gceist de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.¹⁶

35. I bhfocail eile, ní mór don Choimisiún, ina anailís ar chur i bhfeidhm phrionsabal an oibreora sa gheilleagair margaidh, a léiriú go dearfach nach gcuirfeadh oibreoir príobháideach i staid atá chomh gar agus is féidir do staid an Bhallstáit an beart atá i gceist chun feidhme. Chinn an Chúirt cheana féin nach féidir leis an gCoimisiún a shuí gur thairbhígh gnóthas de bhuntáiste ar Státchabhair amháin é bunaithe ar thiomhde dhiúltach, bunaithe ar easpa faisnéise a chuireann ar a chumas teacht ar a mhalairt, in éagmais fianaise eile a d'fhéadfadh a shuí go dearfach gurb ann do bhuntáiste den sórt sin.¹⁷

36. De réir na Cúirte, ní mór don Choimisiún, dá bhrí sin, measúnú foriomlán a dhéanamh agus na tosca ábhartha uile sa chás seo á gcur san áireamh lena gcuirtear ar a chumas a chinneadh an mbeadh saoráidí inchomparáide faighte go follasach ag an ngnóthas is faighteoir ó oibreoir príobháideach den sórt sin,¹⁸ agus é á chur in iúl nach mór aon fhaisnéis ar dócha go mbeidh tionchar suntasach aici ar phróiseas cinnteoireachta oibreora phríobháidigh atá stuama agus dícheallach de ghnáth a mheas mar fhaisnéis ábhartha.¹⁹

37. Dá bhrí sin, tá tosca lena léirítear brabúsacht agus réasúntacht eacnamaíoch na hidirghabhála Stáit ábhartha go háirithe ina leith sin.

38. Mar sin féin, chuir an Chúirt teorainn leis na tosca a d'fhéadfaí a chur san áireamh i gcomhthéacs an mheasúnaithe fhoriomláin sin. Ar thaobh amháin, mar atá luaite ag an gCúirt, chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu a ghlacfaidh nó nach nglacfaidh oibreoir príobháideach an beart céanna i ngnáthdhálaí margaidh agus a staid chomh gar agus is féidir do staid an Bhallstáit, níl ach na sochair agus na hoibleagáidí a bhaineann le staid an Stáit mar oibreoir príobháideach, agus na cinn sin a bhaineann lena staid mar údarás poiblí á n-eisiamh, le cur san áireamh.²⁰ Is é sin le rá, ní bhaineann sé le hábhar an dtéann beart Stáit chun tairbhe don Bhallstát mar údarás poiblí, sa mhéid go rannchuidíonn sé, mar léiriú, le haidhm a bhaint amach ar mhaithe le leas an phobail. Níl cur i bhfeidhm phrionsabal an oibreora sa gheilleagair margaidh bunaithe ach ar an anailís ar réasúntacht eacnamaíoch an bhirt le haghaidh an Bhallstáit ag gníomhú dó mar oibreoir, ó thaobh na heacnamaíochta amháin de.

¹⁵ Breithiúnas an 10 Nollaig 2020, *Comune di Milano v an Coimisiún* (C-160/19 P, EU:C:2020:1012, mír 105).

¹⁶ Breithiúnas an 10 Nollaig 2020, *Comune di Milano v an Coimisiún* (C-160/19 P, EU:C:2020:1012, mír 110).

¹⁷ Breithiúnas an 10 Nollaig 2020, *Comune di Milano v an Coimisiún* (C-160/19 P, EU:C:2020:1012, mír 111).

¹⁸ Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Larko v an Coimisiún* (C-244/18 P, EU:C:2020:238, mír 29).

¹⁹ Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Larko v an Coimisiún* (C-244/18 P, EU:C:2020:238, mír 30).

²⁰ Breithiúnas an 5 Meitheamh 2012, *An Coimisiún v EDF* (C-124/10 P, EU:C:2012:318, mír 79).

39. Ar an taobh eile, leag an Chúirt béim ar an ngá, chun prionsabal oibreora sa gheilleagar margaidh a chur i bhfeidhm, comhthéacs na tréimhse inar glacadh leis na bearta tacaíochta airgeadais a chur san áireamh chun réasúntacht eacnamaíoch iompar an Bhallstáit a mheasúnú agus chun staonadh ó aon mheasúnú a rinneadh ar staid a bhí ann tar éis glacadh an bhirt nó na mbeart sin.²¹ De réir an chásdlí, ní féidir tosca i ndiaidh na tréimhse inar glacadh leis an mbeart lena mbaineann a chur san áireamh chun críocha phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh a chur i bhfeidhm agus níl aon tosca ábhartha ina leith sin ach na tosca a bhí ar fáil agus na forbairtí intuartha tráth inar glacadh leis an mbeart atá i gceist.²²

40. Déanfaidh mé anailís mhionsonraithe ar raon feidhme an ráitis sin.

B. Gnéithe a cuireadh san áireamh tar éis beart Stáit a ghlacadh i gcomhthéacs a scrúdaithe i bhfianaise phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh

41. Ní aontaíonn na páirtithe maidir le cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear le cásdlí na Cúirte maidir le fianaise a ghlacadh ar phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh, i gcomhthéacs scrúdaithe a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm, anailísí eacnamaíocha a chur san áireamh arna dtarraingt suas tar éis do Bhallstát glacadh le beart, ar bhonn eisiach na faisnéise atá ar fáil roimh an nglacadh sin.

42. Is fíor go bhféadfadh léamh ar an gcásdlí a bheith ina chúis le roinnt amhras maidir leis an bhfreagra atá le tabhairt ar an gceist sin.

43. Ar thaobh amháin, thug an Chúirt dá haire gur gá go ndéanfaí an measúnú eacnamaíoch a rinne an Coimisiún, i gcás inar deonaíodh an chabhair de shárú ar an oibleagáid fógra a thabhairt a leagtar síos in Airteagal 108(3) CFAE, tar éis ghlacadh leis an mbeart lena mbaineann. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh anailísí eacnamaíocha arna dtarraingt suas tar éis ghlacadh leis an mbeart sin a bheith ábhartha, ar choinníoll go bhfuil siad bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus ar fhorbairtí intuartha amháin tráth a ndearnadh an cinneadh dul ar aghaidh leis an mbeart atá i gceist.²³

44. Ar an taobh eile, de réir an chásdlí, ní féidir tosca i ndiaidh na tréimhse inar glacadh le beart Stáit a chur san áireamh chun críche phrionsabal oibreora sa gheilleagar margaidh a chur i bhfeidhm.²⁴ Ina theannta sin, chuir an Chúirt in iúl go bhféadfadh easpa measúnaithe iomchuí roimh ré ar bhrabúsacht nó ar réasúntacht eacnamaíoch birt a bheith ina toisc fhíor-riachtanach a d'fhéadfadh a shuí nach soláthródh oibreoir príobháideach, faoi choinníollacha comhchosúla, méid atá comhionann leis an méid a sholáthraíonn an t-infheisteoir poiblí.²⁵

45. Is é sin le rá, d'fhéadfaí a thuiscint ón gcásdlí, cé gur féidir anailís eacnamaíoch atá beartaithe chun réasúntacht birt Stáit arna tharraingt suas tar éis an bhirt a ghlacadh ar bhonn faisnéise atá ar fáil tráth a ghlactha a chur san áireamh, ní féidir anailís den sórt sin a chur san áireamh, áfach, chun easpa anailís eacnamaíoch roimh an mbeart sin a chúiteamh, arb í an ghné lárnach den anailís ar chur i bhfeidhm phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh í.

²¹ Breithiúnas an 16 Bealtaine 2002, *An Fhrainc v an Coimisiún* (C-482/99, EU:C:2002:294, mír 71).

²² Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Larko v an Coimisiún* (C-244/18 P, EU:C:2020:238, míreanna 31 agus 32).

²³ Breithiúnas an 10 Nollaig 2020, *Comune di Milano v an Coimisiún* (C-160/19 P, EU:C:2020:1012, mír 124).

²⁴ Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Larko v an Coimisiún* (C-244/18 P, EU:C:2020:238, mír 32).

²⁵ Breithiúnas an 10 Nollaig 2020, *Comune di Milano v an Coimisiún* (C-160/19 P, EU:C:2020:1012, mír 117).

46. Thairis sin, ba sa chiall sin a léirigh an Chúirt Ghinearálta cásdlí na Cúirte Breithiúnais i mír 191 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

47. Is é mo thuairimse go bhfuil amhras ar leith ann idir na tosca ábhartha maidir le réiteach amhail sin d'fhonn a chinneadh a bhfuil feidhm ag prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh agus na tosca a fhéachann a chur i bhfeidhm a léiriú, ós rud é go gcaithfear idirdhealú a dhéanamh idir scrúdú infheidhmeacht an phrionsabail sin agus an scrúdú a bhaineann le cur i bhfeidhm an phrionsabail sin.²⁶

48. Dá bhrí sin, ba mhaith liom a chur in iúl go mbraitheann infheidhmeacht phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh ar an acmhainneacht ina ngníomhaíonn an Ballstát agus go nglacann sé leis go ndearna sé an cinneadh infheistíocht a dhéanamh leis an mbeart Stáit.²⁷

49. Sna himthosca sin, feictear dom go bhfuil sé fíor-riachtanach, ag an gcéim lena gcinntear an bhfuil feidhm ag prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh, breathnú siar ag an am a rinneadh an cinneadh sin agus cur chuige docht a ghlacadh trí ghlacadh le fianaise chomhaimseartha amháin leis an bpróiseas cinnteoireachta. Is iomchuí, dá bhrí sin, aon fhianaise i ndiaidh an ama sin a eisiámh ón anailís sin agus brath go heisiach ar na tosca a threoraigh an Ballstát ina phróiseas cinnteoireachta.

50. Sa chomhthéacs sin, tá ábharthacht ar leith ag baint, dá bhrí sin, le dul ar iontaoibh anailíse eacnamaíche sular glacadh an beart Stáit arb é is aidhm dó réasúntacht eacnamaíoch an bhirt sin a mheasúnú. Ar an gcaoi chéanna, feictear dom gur léiriú an-chorraitheach é nach bhfuil aon mheasúnú eacnamaíoch á dhéanamh roimh ré nach bhfuil an Ballstát ag gníomhú mar oibreoir, ós rud é nach raibh a chinneadh á threorú ag dianriachtanas réasúntachta eacnamaíche.

51. Mar sin féin, i mo thuairimse, tá cur chuige den sórt sin ró-radacach a mhéid a bhaineann le fíorú na gcoinníollacha chun prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh a chur i bhfeidhm. In éagmais aon mheasúnú eacnamaíoch roimh ré, ní féidir, ag céim chur i bhfeidhm an phrionsabail, an raon feidhme céanna a bheith aige agus atá aige i gcomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar a infheidhmeacht.

52. Tugaim faoi deara, maidir le prionsabal oibreora sa gheilleagar margaidh, gur cásdlí socair é go bhféachann sé lena chinneadh an bhféadfadh an beart Stáit atá i gceist, mar gheall ar a *éifeachtaí*, iomaíocht a shaobhadh nó bagairt a dhéanamh ar iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit. Ar bhonn níos ginearálta, dhearbhaigh an Chúirt go sainmhínítear le hAirteagal 107(1) CFAE, go ginearálta, idirghabháil Stáit i ndáil lena héifeachtaí.²⁸

53. Ón taobh sin de, is fianaise ábhartha í, i mo thuairimse, anailís eacnamaíoch arna tarraingt suas tar éis ghlacadh leis an mbeart sin, bunaithe go heisiach ar an bhfaisnéis atá ar fáil ag an am sin, a mhéid a fhéachann sé le réasúntacht eacnamaíoch birt Stáit a bhunú agus, dá bhrí sin, a léiriú nach bhfuil aon éifeachtaí díobhálacha aige ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit, go bhfuil iompar an Stáit comhsheasmhach le prionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh.

54. Go sonrach, táim den tuairim, a luaithe a shuífear infheidhmeacht prionsabail oibreora sa gheilleagar margaidh, in ainneoin measúnuithe eacnamaíocha *ex ante* a bheith in easnamh, gur féidir cur i bhfeidhm an phrionsabail sin a léiriú i gcónaí le measúnuithe eacnamaíocha ina

²⁶ Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Larko v an Coimisiún* (C-244/18 P, EU:C:2020:238, mír 62).

²⁷ Féach mír 27 den Tuairim seo.

²⁸ Breithiúnas an 5 Meitheamh 2012, *an Coimisiún v EDF* (C-124/10 P, EU:C:2012:318, mír 77).

dhiaidh sin bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil tráth a glacadh leis an mbeart Stáit. Is é an easpa measúnaithe eacnamaíoch roimh ré, i mo thuairimse, ná píosa fianaise amháin, ag céim chur i bhfeidhm an phrionsabail sin, nach gcomhlíonann iompar an Bhallstáit an prionsabal sin. Gan a bheith neamhábhartha, ní féidir, dá bhrí sin, neamhaird a dhéanamh ar anailís eacnamaíoch lena léirítear réasúntacht eacnamaíoch birt Stáit i gcás ina bhfuil an anailís sin bunaithe go heisiach ar fhianaise a bhí ar fáil tráth a glacadh leis an mbeart sin.

55. I mo thuairimse, bheadh coincheap sriantach na fianaise ar phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh atá le cur san áireamh ag céim chur i bhfeidhm an phrionsabail sin ag teacht salach ar fhíorchuspóir an phrionsabail sin, ar dá réir is éifeachtaí beart Stáit é go príomha a chuirtear san áireamh chun a chinneadh an bhfuil buntáiste don tairbhí ag baint leis an mbeart sin agus, dá bhrí sin, an cabhair é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

56. Is i bhfianaise na mbreithnithe sin a dhéanfaidh mé anailís ar na forais achomhairc lena líomhnaítear earráid dlí i léiriú Airteagal 107(1) CFAE agus an coincheap ‘buntáiste’, de réir bhrí na forála sin, maidir le Comhaontuithe 2008 agus 2010.

C. Na gearáin lena líomhnaítear earráid dlí i léiriú Airteagal 107(1) CFAE agus an coincheap ‘buntáiste’, de réir bhrí na forála sin, maidir le Comhaontuithe 2008 agus 2010

57. Áitíonn an Coimisiún, Wizz Air agus AITTV go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, ar thaobh amháin, leis an gconclúid go raibh ceangal ar an mBallstát measúnú eacnamaíoch a dhéanamh roimh chur i gcrích Chomhaontuithe 2008 agus 2010 agus, ar an taobh eile, le diúltú ábharthacht an mheasúnaithe maidir le brabúsacht an bhirt atá i gceist a rinneadh tar éis ghlacadh leis an mbeart sin ach a bunaíodh amháin ar na tosca a bhí ar fáil an tráth inar glacadh leis.

58. Mhaígh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 186 go 192 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, gur chinn an Coimisiún faoi bhrabúsacht Chomhaontuithe 2008 ar bhonn anailís *ex ante* ar an mbrabúsacht, a rinneadh *ex post* ar bhonn sonraí a bhí ar fáil roimh chur i gcrích Chomhaontuithe 2008. Chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh anailís den sórt sin ábhartha chun críocha measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh áfach.

59. De réir na Cúirte Ghinearálta, níl san anailís sin ach toradh cúlghabhálach ar bhrabúsacht an bhirt atá faoi chonspóid. De réir an chásdlí, ní féidir tosca i ndiaidh na tréimhse inar glacadh le beart Stáit a chur san áireamh chun críocha phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh a chur i bhfeidhm.

60. Thairis sin, cé gur ghlac an Chúirt Ghinearálta leis go bhféadfadh fianaise bhreise a bunaíodh tar éis ghlacadh leis an mbeart atá i gceist a bheith ábhartha, mheas sí mar sin féin nach bhféadfadh sé a bheith mar thoradh air in aon chás go mbeadh an comhlacht a chuireann an beart sin chun feidhme díolmhaithe ón oibleagáid measúnú eacnamaíoch a dhéanamh roimh ré atá iomchuí agus iomchuí i bhfianaise chineál, chastacht, thábhacht agus chomhthéacs an idirbhirt.

61. Go háirithe, chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearna an Coimisiún earráid dlí toisc nach raibh a chonclúid bunaithe go dleathach aige nár thug Comhaontuithe 2008 agus 2010 buntáiste eacnamaíoch do Wizz Air nach bhfaigheadh an chuideachta sin faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus chinn sí ba cheart Airteagal 2 den chinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid nach Státchabhair na Comhaontuithe 2008 agus 2010.

62. Mar sin féin, feictear dom go bhfuil réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta bunaithe ar mhíthuiscint ar Airteagal 107(1) CFAE agus, go sonrach, ar phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh.

63. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh anailís eacnamaíocha arna dtarraingt suas tar éis ghlacadh leis an mbeart sin a bheith ábhartha, ar choinníoll go bhfuil siad bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus ar fhorbairtí intuartha amháin tráth a ndearnadh an cinneadh dul ar aghaidh leis an mbeart atá i gceist.²⁹

64. Cé go raibh an Chúirt Ghinearálta i dteideal a chinneadh nach bhféadfadh anailís den sórt sin a bheith ina hanailís *ex ante*, ní fhéadfadh sí, os a choinne sin, an anailís sin a aicmiú mar 'fhíorthoradh cúlghabhálach' ar bhrabúsacht iarbhir na gcomhaontuithe, gan a chur as an áireamh go hiomlán, contrártha do chásdlí na Cúirte Breithiúnais, anailís eacnamaíocha arna dtarraingt suas tar éis ghlacadh leis an mbeart atá i gceist a chur san áireamh agus bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil agus ar na forbairtí a bhí intuartha tráth a rinneadh an cinneadh dul ar aghaidh leis an mbeart atá i gceist orthu sin amháin.

65. Ina dhiaidh sin, mar a mhínigh mé,³⁰ táim den tuairim, ag céim chur i bhfeidhm phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh, mar a rinneadh anailís air sa chás seo, nach féidir teacht ar an gconclúid, ann féin, nach bhfuil an beart sin comhsheasmhach leis an bprionsabal sin mar thoradh ar mheasúnú iomchuí roimh ré ar bhrabúsacht agus ar réasúntacht eacnamaíoch an bhirt atá i gceist.

66. I mo thuairimse, ní fhéadfadh an Chúirt Ghinearálta teacht ar an gconclúid, dá bhrí sin, gan earráid dlí a dhéanamh, gur ceanglaíodh ar an mBallstát réamh-mheasúnú eacnamaíoch leordhóthanach a dhéanamh.

67. Ar deireadh, trína cinneadh nach raibh an anailís atá i gceist in ann a leigheas nach raibh anailís eacnamaíoch ann roimh an mbeart lena mbaineann, rinne an Chúirt Ghinearálta an toisc chinntitheach sin chun cur i bhfeidhm phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh a chruthú. Mar atá ráite agam, níl in easpa fianaise den sórt sin ach ceann amháin de roinnt píosaí fianaise a d'fhéadfaí a mheas i gcoinne anailís atá, cé go bhfuil siad ina dhiaidh sin, bunaithe go heisiach ar an bhfianaise atá ar fáil agus ar na forbairtí a bhí intuartha tráth a rinneadh an cinneadh dul ar aghaidh leis an mbeart atá i gceist.

68. Dá bhrí sin, feictear domsa go bhfuil conclúid na Cúirte Ginearálta, agus an méid sin á dhéanamh aici, nach raibh an anailís atá i gceist ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabal an oibreora sa gheilleagar margaidh curtha ó bhail mar gheall ar earráid dlí.

69. De thoradh ar na forais lena líomhnaítear earráid dlí i léiriú Airteagal 107(1) CFAE agus an coincheap 'buntáiste', de réir bhrí na forála sin, maidir le Comhaontuithe 2008 agus 2010, ba cheart, i mo thuairimse, seasamh leo.

70. Tugaim faoi deara, sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta an dara saincheist dlí de chuid Carpatair ach go páirteach. Go háirithe, mar is léir ó mhír 200 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, níor scrúdaíodh an dara cuid den fhoras achomhairc sin.

²⁹ Breithiúnas an 10 Nollaig 2020, *Comune di Milano v an Coimisiún* (C-160/19 P, EU:C:2020:1012, mír 124).

³⁰ Féach mír 54 den Tuairim seo.

71. Ós rud é nach gceadaítear le staid na n-imeachtaí breithiúnas críochnaitheach i leith na coda sin den phléadáil, a mhéid a éilíonn a scrúdú anailísí fíorasacha ar mheasúnú an Choimisiúin ar Chomhaontuithe 2008 agus 2010, lena sáraítear dlínse na Cúirte Breithiúnais i gcomhthéacs achomhairc, táim den tuairim gur cheart an cás seo a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

VI. Conclúid

72. I bhfianaise an mhéid sin thuas, molaim don Chúirt Bhreithiúnas:

- seasamh leis an bhforas achomhairc aonair i gCás C-244/23 P,
- seasamh leis an gceathrú foras achomhairc i gCás C-245/23 P,
- seasamh leis an tríú agus leis an gceathrú foras achomhairc i gCás C-246/23 P, agus
- mar thoradh air sin, breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 8 Feabhra 2023, *Carpatair v an Coimisiún* (T-522/20, EU:T:2023:51) a chur ar neamhní a mhéid a sheas an Chúirt Ghinearálta leis an dara saincheist dlí sa chás sin, agus an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.